C/2025/4516

11.8.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12067 — ALBA / BPCE / CDC / NEMO FRANCE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4516)

1. An 30 Iúil 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Alba NGM Co-Invest S.L.P.S ('ANCI', an Fhrainc), faoi rialú Alba Infra Founding Partners SAS ('Alba', an Fhrainc),

— Mirova Energy Transition 6 S.L.P. ('MET 6', an Fhrainc), faoi rialú BPCE SA ('BPCE', an Fhrainc),

— Caisse des Dépôts et Consignations ('CDC', an Fhrainc), faoi rialú Stát na Fraince,

— NEMO France (an Fhrainc).

Gheobhaidh ANCI, MET 6 agus CDC rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar NEMO France.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste gairmiúil é ANCI atá á bhainistiú ag Alba, bainisteoir cistí neamhspleách a infheistíonn, *inter alia*, i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite san Eoraip,

— Is ciste infheistíochta é MET 6 atá á bhainistiú ag Mirova SA, cuideachta bainistíochta faoi rialú BPCE. Feidhmíonn BPCE sna hearnálacha miondíola baincéireachta agus árachais sa Fhrainc. Soláthraíonn sé seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus rachmais agus seirbhísí baincéireachta mórdhíola ar fud an domhain freisin,

— Is institiúid phoiblí Fhrancach é CDC ag a bhfuil stádas dlíthiúil speisialta a dhéanann gníomhaíochtaí ar mhaithe leis an leas ginearálta agus a dhéanann, trína fhochuideachtaí, gníomhaíochtaí atá oscailte don iomaíocht, sa Fhrainc go príomha.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an ngnóthas NEMO France: ardán infheistíochta a dhéanfaidh infheistíocht den chuid is mó sa Fhrainc i dtionscadail a bhaineann le soghluaisteacht ísealcharbóin agus córais fuinnimh in-athnuaite dáilte.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, agus gan dochar dá chinneadh críochnaitheach maidir leis sin, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an tionscadal atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12067 — ALBA / BPCE / CDC / NEMO FRANCE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË